P9_TA(2022)0131

# Comhchóras cánach breisluacha (CBL): síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe a d'fhéadfadh a bheith soghabhálach do chalaois agus le tréimhse chur i bhfeidhm an tSásra Frithghnímh Mhear in aghaidh chalaois CBL *

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Bealtaine 2022 ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse cur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach do chalaois agus le tréimhse cur i bhfeidhm an tSásra Frithghnímh Mhear in aghaidh na calaoise CBL (COM(2022)0039 – C9-0053/2022 – 2022/0027(CNS))**

**(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)**

(2022/C 465/19)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2022)0039),

— ag féachaint d'Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0053/2022),

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0128/2022),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí an tsásra aistrithe táillí sula gcuirfear aon síneadh breise ar a thréimhse iarratais;

3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé beartaithe aici imeacht ón téacs a d'fhormheas Parlaimint na hEorpa;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an téacs a d'fhormheas Parlaimint na hEorpa a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.